

CÓD CAITEACHAIS PHOIBLÍ

Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta 2024

Mar a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta
agus Iniúchóireachta
i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí

Deimhniú

Léiríonn an Tuarascáil Bhliantúil um Dhearbhu Cáilíochta seo measúnú Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar chomhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí. Bunaítear é ar an bhfaisnéis airgeadais, eagraíochtúil agus feidhmíochta is fearr atá ar fáil sna réimsí éagsúla freagrachta.



Leonard Cleary,
Príomhfheidhmeannach.

Dáta: 29 Bealtaine 2025

Cuid A – Réamhrá

Tá an Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta curtha i gcrích ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe mar chuid dá comhlíonadh leis an gCód Caiteachais Phoiblí.

Is é ceann d'aidhmeanna an nós imeachta um Dhearbhú Cáilíochta a thomhas a mhéid a chomhlíonann Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus a gníomhaireachtaí gaolmhara na hoibleagáidí a leagadh amach sa Chód Caiteachais Phoiblí. Féachann an Cód Caiteachais Phoiblí lena chinntiú go mbainfidh gach brainse den stát caiteachas éifeachtach agus luach ar airgead amach in úsáid na gcistí poiblí go léir.

Tá cúig chéim sa Phróiseas um Dhearbhú Cáilíochta:

- 1. Liosta a dhéanamh de na tionscadail / cláir go léir ag céimeanna éagsúla de Shaolré an Tionscadail** (breithmheas, pleanáil/dearadh, cur i bhfeidhm, tar éis a chur i bhfeidhm). Is iad na trí chuid ná caiteachas atá á bhreithniú, caiteachas atá á thabhtú agus caiteachas a cuireadh chun críche le déanaí. Cuimsíonn an liosta na tionscadail go léir os cionn €0.5m i gcostas caipitil iomlán, nó i gcostas ioncaim le haghaidh 2024.
- 2. Faisnéis achoimre a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin i dtaca le gach soláthar os cionn €10m, bíodh siad díreach tosaithe, ar siúl le tamall nó curtha i gcrích.**
- 3. Seicliostaí le comhlánú i dtaca le céimeanna éagsúla.** Ligeann na seicliostaí seo do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus dá gníomhaireachtaí féinmheasúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an chóid, a chuirtear ar fáil trí cháipéis an Chóid Caiteachais Phoiblí (PSC).
- 4. Seiceáil níos doimhne a dhéanamh ar líon beag tionscadal / clár a roghnaítear.** Roghnaítear roinnt tionscadal agus clár le hathbhreithniú níos déine a dhéanamh orthu. Ar a laghad 5% den chaiteachas caipitil iomlán dearbhaithe gach bliain, agus 1% de chaiteachas na gCoimisinéirí Ioncaim gach bliain, agus an dá cheann ar an meán thar thréimhse 3 bliana.

5. **Tuarascáil ghearr a chomhlánú don Choimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht (NOAC)**, lena n-áirítear liosta na dtionscadal go léir, foilsíú soláthairtí os cionn €10m, na seicliostaí comhlánaithe, breithiúnas na Comhairle Cathrach ar thorthaí na dianseiceálacha agus aon togra chun easnamh a aimsíodh a réiteach.

Comhlíonann an tuarascáil seo riachtanais an Phróisis Ceisteanna & Freagraí i gComhairle Cathrach na Gaillimhe le haghaidh 2024.

Cuid B – Anailís ar Chaiteachas

Liosta Tionscadal / Clár

Tugtar mionsonraí sa rannán seo ar an bhfardal arna dhréachtú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe de réir na teorach maidir leis an bpróiseas um Dhearbhu Cáilíochta. Liostaítear san fhardal tionscadail agus cláir uile na Comhairle Cathrach ag céimeanna éagsúla de shaolré an tionscadail, arbh é a luach níos mó ná €0.5m. Tá an fardal bunaithe ar Thionscadail Chaipitil (poist aonair), agus ar Chláir na gCoimisinéirí Ioncaim bunaithe ar liostú Leibhéal Seirbhíse in Aguisín 2 an Ráitis Airgeadais Bhliantúil le haghaidh 2024.

Tá trí chéim san fhardal:

- Caiteachas atá á bhreithniú
- Caiteachas atá á thabhu
- Caiteachas ar cuireadh deireadh leis le déanaí

Liostaítear i dTábla 1 seo a leanas fardal tiomsaithe na Comhairle Cathrach le haghaidh 2024.

Caiteachas atá á Bhreithniú

Cuimsíonn an caiteachas atá á bhreithniú tionscadail chaipitil a tionscnaíodh le déanaí nó ar dócha go dtosódh siad i rith na bliana dár gcionn. Liostaítear i dTábla 1 21 Tionscadal Caipitil ar Tionscadal Caipitil atá á mbreithniú iad i rith 2024. Tá na tionscadail sin ag céim(eanna) pleanála nó tosaithe.

Bhí trí thionscadal ioncaim nua i dtuarascálacha caiteachais Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le linn 2024. Is gnách go mbíonn leibhéil nua seirbhíse ioncaim mar thoradh ar thionscnaimh náisiúnta nó réigiúnacha.

Caiteachas atá á Thabhu

Ceanglaítear leis an gCód Caiteachais Phoiblí go ndearbhófaí gach Leibhéal Seirbhíse ioncaim a thabhaíonn caiteachas os cionn €0.5m. Dá réir sin, tá liosta de 40 clár ioncaim i dTábla 1 le haghaidh 2024.

Liostaítear i dTábla 1 freisin 48 Tionscadal Caipitil atá á gcur i gcrích faoi láthair i Stiúrthóireachtaí éagsúla.

Caiteachas ar Cuireadh Deireadh leis le Déanaí

Deimhnítear i dTábla 1 gur cuireadh ocht dtionscadal / clár caipitil i gcrích le linn 2024.

Tábla 1. Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Liosta Tionscadal agus Clár os cionn €0.5m

Sa mhéid seo a leanas tá fardal de Chaiteachas ar Thionscadail / Cláir a bhfuil luach os cionn €0.5m acu, catagóirithe de réir Caiteachas atá á bhreithniú, Caiteachas atá á thabhú, agus Caiteachas ar cuireadh deireadh leis le déanaí. Ní chuirtear san áireamh sa tábla Fardail ach tionscadail a bhfuil caiteachas acu a chomhlíonann na critéir seo.

Caiteachas atá á Bhreithniú - Níos mó ná €0.5m (Caiteachas Caipitil agus Reatha)							
Ainm an Tionscadail/na Scéime/an Chláir	Cur síos gairid	Méid an Chaiteachais Reatha sa Bhliain a	Méid an Chaiteachais Reatha sa Bhliain a dtagraítear di	Méid an Chaiteachais Reatha sa Bhliain a	Amlíne Réamh-mheasta an Tionscadail/an Chláir	Caiteachas Saoil Réamh-mheasta	Nótaí Míniúcháin
Pathfinder- Ionad Pobail na Rinne Móire	Iarfheistiú Ionad Pobail na Rinne Móire	€ -	€ -	€ -	2027	€ 500,000	Tá an tionscadal arna mhaoiniú 50% ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
Pathfinder- Ionad Pobail an Taoibh Thiar	Iarfheistiú Ionad Pobail an Taoibh Thiar		€ -	€ -	2027	€ 500,000	Tá an tionscadal arna mhaoiniú 50% ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
Deontas ELENA	Dlús a chur le hiarfheistiú tithíochta sóisialta agus foirgnimh faoi úinéireacht na n-údarás áitiúil		€ -	€ -	2025-2028	€ 954,000	Tá an tionscadal arna mhaoiniú 90% ag an mBanc Eorpach Infheistíochta
BEALACH AN BHAILE BHÁIN AGUS PHÁIRC AN CHAISLEÁIN ARNA MHAOINIÚ 50% AG NTA	Scéimeanna saoráidí rothaíochta chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhíse rothaíochta ar fud Chathair na Gaillimhe, do cheantair atá aitheanta le Straitéis Iompair na Gaillimhe agus chun nascacht/tréscaoilteacht a chur ar fáil do sholáthairtí rothaíochta atá ann cheana feadh Bhóthar Bhaile Átha Cliath (agus Glasbhealaigh amach anseo), chun na bealaí seo a leanas a chur san áireamh: • Bóthar an Bhaile Bháin - 1.2km,	€ -	€ -	€ -	2026	€ 6,000,000	Maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) & ó Thionscnamh Comhphobail maidir le hAthghiniúint Eacnamaíoch agus Shóisialta i gCeantair Uirbeacha (URDF) 50/50
BEALACH AN BHAILE BHÁIN AGUS PHÁIRC AN CHAISLEÁIN ARNA MHAOINIÚ 50% AG URDF	Mar atá thuas	€ -	€ -	€ -	2026	€ 6,000,000	
FEABHSÚ AN PHÓIRSE CHAOCH NTA (MAOINIÚ 100%)	I measc na n-oibreacha atá beartaithe, tá atheagrú gluaiseachtaí tráchta chun inrochtaineacht agus	€ -	€ -	€ -	€ -	€ 2,000,000	Caiteachas saoil an tionscadail nár cuireadh i gcrích - ARNA MHAOINIÚ AG NTA
Bóthar Dáileacháin an Iarthair	Scéimeanna saoráidí rothaíochta chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhíse rothaíochta ar fud Chathair na Gaillimhe, do cheantair atá aitheanta le Straitéis Iompair na Gaillimhe agus chun	€ -	€ -	€ -	2027	€ 4,000,000	Maoiniú ón NTA & URDF 50/50
URDF Bhóthar Dáileacháin an Iarthair	Mar atá thuas	€ -	€ -	€ -	2027	€ 4,000,000	
Bóthar Mhuine Mheá	Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Mhuine Mheá	€ -	€ -	€ -	2027	€ 4,000,000	Caiteachas saoil an tionscadail nár cuireadh i gcrích go hiomlán
URDF Bhóthar Mhuine Mheá	Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Mhuine Mheá	€ -	€ -	€ -	2027	€ 4,000,000	
NTA Bhóthair Stiofáin	Scéim Taistil Ghníomhaigh ar Bhóthar Stiofáin chun feabhas a chur ar shábháilteacht rothar agus	€ -	€ -	€ -	2026	€ 2,250,000	Maoiniú ón NTA & URDF 50/50
URDF Bhóthair Stiofáin	Mar atá thuas	€ -	€ -	€ -	2026	€ 2,250,000	
Bóthar an Chlaí Bháin	Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar an Chlaí Bháin	€ -	€ -	€ -	2027	€ 2,000,000	Caiteachas saoil an tionscadail nár cuireadh i gcrích
Athnuachan Shráid an Chaisleáin	Tionscadal feabhsúcháin Réimse Poiblí ar Shráid an Chaisleáin	€ -	€ -	€ -	4 Bliana 2026-2030	€ 1,780,110	Tá an tionscadal arna chómhaoiniú idir NTA agus URDF (50:50)
Athnuachan Shráid an Gheata Bhig	Tionscadal feabhsúcháin Réimse Poiblí ar Shráid an Gheata Bhig	€ -	€ -	€ -	4 Bliana 2026-2030	€ 3,886,116	Tá an tionscadal arna chómhaoiniú idir NTA agus URDF (50:50) Tá an chostáil bunaithe ar chostas pro-rata ullmhaithe le haghaidh Athnuachan Shráid na Croise.
Forbairt Mhaolchnoic (Cuid V)	24 Aonad	€	€ -	€	R1, 2025 & R3, 2025	€ 10,000,000	€9,452,150.54 = Costais an cheannacháin
Cláí Mór (CALF & CAS)	102 Aonad	€	€ -	€	R3, 2025	€ 20,431,965	De réir Cheadú Maoinithe na Roinne
36 Céide Ghleann na Néal	4 Aonad CAS	€	€	€	R2, 2025	€ 684,077	De réir Litir Cheadaithe na Roinne
Garraí na Sailí (8 CAS Cuid V)	8 nAonad CAS	€	€	€	R2, 2025	€ 1,944,072	De réir Litir Cheadaithe na Roinne
Foirgneamh Nua Mhúsaem Cathrach na Gaillimhe	Athchóiriú ar Theach Comerford agus foirgneamh nua a fhorbairt os cionn Bhallaí na Cathrach	€ 300,000	€ 5,780,000	€ 11,220,000	2027	€ 17,000,000	maoiniú 66% ó Fháilte Éireann

CreativeSpace	Athchóiriú ar Theach an Mhinistir ar Oileán Altanach	€ -	€ -	€ 3,800,000	2027	€ 3,800,000	maoiniú 100% ó chiste THRIVE
Waterworks - Ionad Gníomhaíochta Spóirt Uisce	Athchóiriú ar Fhoirgneamh Waterworks ar Bhóthar na Díge	€ -	€ -	€ 1,500,000	2026	€ 1,500,000	maoiniú 100% ó Fháilte Éireann
Oifig Thurasóireachta Chathair na Gaillimhe	Oifig Thurasóireachta nua a fhorbairt san Fhaiche Mhór	€ 300,000	€ -	€ 1,200,000	2026	€ 1,500,000	Maoiniú 100% ó Fháilte Éireann
Scéim Feabhsúcháin	Dhroichead na mBradán	€ -	€ -	€ 150,000	2025 - 2027	€ 1,244,250	Maoiniú deontais breise a lorg chun oibreacha caipitil a éascú
Scéim Feabhsúcháin	Dhroichead na mBradán	€ -	€ -	€ 150,000	2025 - 2027	€ 800,310	Maoiniú deontais breise a lorg chun oibreacha caipitil a éascú
Líonadh Talún Dúnta Cheathrú an Bhrúnaigh	Athsholáthar, monatóireacht agus cothabháil trealaimh	€ 350,000	€ -	€ -	36 Mí	€ 600,000	
Iomlán		€ 950,000	€ 5,780,000	€ 18,020,000		€ 103,624,899	

Caiteachas atá á Thabhú - Níos mó ná €0.5m (Caipitil agus Reatha)								
Ainm an Tionscadail/na Scéime/an Chláir	Cur síos gairid	Méid an Chaiteachais Reatha sa Bhliain a dtagraítear di	Méid an Chaiteachais Chaipitiúil sa Bhliain a dtagraítear di (Neamhdheontas)	Méid an Chaiteachais Chaipitiúil sa Bhliain a dtagraítear di (Deontas)	Amlíne Réamh-mheasta an Tionscadail/an Chláir	Caiteachas Carnach go dtí seo	Caiteachas Saoil Réamh-mheasta (Caipitil amháin)	Nótaí Miniúcháin
Pathfinder- Músaem	Iarfheistiú an Mhúsaeim	€ 30,465		€ 30,465	Críochnaithe faoi 2026	€ 60,930	€ 1,500,000	Tá an tionscadal arna mhaoiniú 50% ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
Pathfinder - Halla an Bhaile	Iarfheistiú Amharclann Halla an Bhaile	€ 29,221		€ 29,221	Críochnaithe faoi 2026	€ 58,442	€ 1,000,000	Tá an tionscadal arna mhaoiniú 50% ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
Caiteachas Chathair Phíolótach Neodrach 2025	Tionscadal Píolótach chun Dlús a chur le hIarfheistiú san earnáil phríobháideach	-	€ -	€ 200,000	May-25	€ 800,000	€ 1,000,000	Arna mhaoiniú 100% ag HORIZON Europe
Ionad Pobail an Chaisleáin Nua	Ionad pobail nua a thógáil sa Chaisleán Nua	€ 190,019	€ -	€ -	Tús a chur leis an tógáil in R3 2025 agus é a chríochnú in R3 2026	€ 220,614	€ 4,600,000	Deontas €4,343,255 faoi Chiste Infheistíochta an Ionaid Phobail. Cistí le caitheamh faoi R3 2026. Maoiniú ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (GCC) a mheaitseáil. Tagraíonn €150,000 de chaiteachas in 2024 do shuim a chaipitilítear ó ioncam mar leithdháileadh maoinithe meaitseála
PLEAN BAINISTÍOCHTA IOMPAIR I LÁR CHATHAIR NA GAILLIMHE - CROSS CITY LINK	Is conair iompair phoiblí é an Cross City Link a nascann bruachbhailte an iarthair agus an oirthir, trí lár na cathrach. Ceanglóidh an chonair tithe le háiteanna oibre, staidéir, miondiola agus áineasa, agus beidh feabhas ar amanna taistil agus iontaofacht. Cuirfear spásanna ardchaighdeán, áiseanna nua agus uasghrádaithe ar fáil do choisithe agus do rothaithe agus tabharfar tosaíocht d’iompar poiblí, agus beidh sé níos éasca bogadh tríd an gcathair, agus rochtain a fháil ar chinn scríbe ar mhodhanna inbhuanaithe.	€ -	€ -	€ 168,290	2027	€ 3,503,475	€ 89,434,808	Curtha ar an méar fhada go dtí go mbeidh toradh an athbhreithnithe againn
CONAIR IOMPAIR BHÓTHAR BHAILE ÁTHA CLIATH	Tosóidh sé seo ag Timpeallán na Máirtíneach agus críochnóidh sé díreach siar ó Acomhal Mhóinín na gCiseach áit a mbuailfidh sé le Cross City Link. Nasc ilmhódach a bheidh ann agus beidh deis ann feabhas a chur ar chosáin, lánai rothaíochta scartha a chruthú, chomh maith le hacomhail agus lánai bus sa dá threo ina mbeidh tosaíocht ag busanna. Bealaí a bhfreastalófar orthu: Glas agus Donn. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfreastalaíonn an bealach seo ar sheirbhísí bus réigiúnacha agus náisiúnta agus go bhfuil sé ar cheann de na príomhbhealaí isteach sa chathair.	€ -	€ -	€ 467,266	2028	€ 1,986,908	€ 71,455,763	CPO & Pleanáil curtha faoi bhráid ABP an 14 Feabhra 2025
UASGHRÁDÚ ARD DÚN AR ACOMHAL NA MÁIRTÍNEACH (ARNA MHAOINIÚ AG URDF)	Mar atá thuas	€ -		€ 598,228	2025	€ 4,191,226	€ 4,191,226	Déhmaoiniú idir NTA agus URDF ar an tionscadal seo
SCÉIM ROTHÁIOCHTA DHABHACH UISCE THEAS NTA	Scéimeanna saoráidí rothaíochta chun feabhas a chur	€ -	€ -	€ 274,588	2025	€ 1,056,882	€ 1,246,882	
SCÉIM DHABHACH UISCE THEAS ARNA MAOINIÚ AG URDF	Mar atá thuas	€ -	€ -	€ 100,614	2025	€ 1,024,861	€ 1,214,861	Áirítear san iomlán Maoiniú NTA & URDF ó thionscadal a bunaíodh
SIÚLBHEALACH COISITHE II WOLFE TONE	Droichead coisithe starmhaide a chur ar fáil ar an taobh theas de Dhroichead Wolfe Tone Fad = 54m.	€ -	€ -	€ 1,486,491	2025	€ 1,765,469	€ 1,945,469	
SCÉIM TOSAÍOCHTA BUS BHÓTHAR NA PÁIRCE MÓIRE (NTA 100%)	Saoráidí coisithe, rothaíochta agus iompair phoiblí a chur ar fáil idir acomhal Bhóthar Mhuine Mheá / Bhóthar na Páirce Móire	€ -	€ -	€ 4,731,589	2025	€ 4,912,608	€ 6,000,000	Costais deiridh an tionscadail seo le tabhairt chun críche
BEALACH ROTHÁIOCHTA CHANÁIL EGLINTON ARNA MHAOINIÚ AG NTA	Scéimeanna saoráidí rothaíochta chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhíse rothaíochta ar fud Chathair na Gaillimhe, do cheantair atá aitheanta le Straitéis Iompair na Gaillimhe agus chun nascacht/tréscaoilteacht a chur ar fáil do na forálacha rothaíochta atá ann cheana.	€ -	€ -	€ 287,982	2025	€ 743,724	€ 927,741	
BEALACH ROTHÁIOCHTA CHANÁIL EGLINTON ARNA MHAOINIÚ AG URDF	Mar atá thuas	€ -	€ -	€ 284,261	2025	€ 737,596	€ 921,615	
BEALACH ROTHÁIOCHTA CHANÁIL EGLINTON ARNA MHAOINIÚ AG FÁILTE ÉIREANN	Mar atá thuas	€ -	€ -	€ 360,000	2025	€ 360,000	€ 360,000	Áirítear san iomlán Maoiniú Fáilte Éireann, NTA & URDF ó bhunú an tionscadail
BÓTHAR AN ATHAR UÍ GHRÍOFA/ NA MARA	Tionscadal Uasghrádú Acomhal an Athar Uí Ghríofa / an Chorráin Tionscadal chun áiseanna feabhsaithe do choisithe agus do rothaíocht a chur ar fáil feadh an acomhail a aithneoidh bealach Líonra Rochtana Lár na Cathrach (CCAN) sa todhchaí sa GTS.	€ -	€ -	€ 134,368	2025	€ 220,690	€ 781,941	
Athnuachan Shráid na Croise	Tionscadal feabhsúcháin Réimse Poiblí ar Shráid na Croise, an tSráid Láir, Bóithrin na Bláthaí, Slí na Bláthaí agus Sráid na Súdairí i Lár Chathair na Gaillimhe	€ -	€ -	€ 250,000	5 Bliana - 2030	€ -	€ 10,571,126	Costais bunaithe ar fhoirm iarrtais ar dheontas 2025 chuig NTA le haghaidh Maoiniú Meaitseála 50%. Tá an tionscadal arna chómhaoiniú idir NTA agus URDF (50:50)
Athnuachan Shráid Lombaird	Tionscadal feabhsúcháin na Réimse Poiblí ar Shráid Lombaird/ an Mhargaidh, Sráid na Cille, Lána an Teampaill, Droichead/Sráid an Phríomhgharda i Lár Chathair na Gaillimhe	€ -	€ -	€ 110,000	5 Bliana - 2030	€ -	€ 11,729,569	Costais bunaithe ar fhoirm iarrtais ar dheontas 2025 chuig NTA le haghaidh Maoiniú Meaitseála 50%. Tá an tionscadal arna chómhaoiniú idir NTA agus URDF (50:50)
An Clár Athsholáthair Coire		€	€ 483,392	€	Ar lean	€ 2,682,770	Ar lean	Tá sé seo ar siúl faoi láthair agus arna mhaoiniú trí Dheontas na gCoimisinéirí Ioncaim / Cúlchistí / ICR / Rialtas
Feabhsú Stoc Tithíochta	Oibreacha Feabhsúcháin	€	€ 610,201	€	Ar lean	€ 2,060,908	Ar lean	Tá sé seo ar siúl faoi láthair agus arna mhaoiniú trí Dheontas na gCoimisinéirí Ioncaim / Cúlchistí / ICR / Rialtas
Clár Phlean Gníomhaíochta an Phobail (CAP) um Éifeachtúlacht Fuinnimh	Éifeachtúlacht Fuinnimh	€	€ 582,000	€	Ar lean	€ 181,576	Ar lean	Tá sé seo ar siúl faoi láthair agus arna mhaoiniú trí Dheontas na gCoimisinéirí Ioncaim / Cúlchistí / ICR / Rialtas
An Cliathán	15 nAonad	€	€	€ 882,246	R2, 2025	€ 7,184,860	€ 7,500,000	Cuntais Deiridh leis an Roinn Tithíochta faoi láthair
Sliabh Bán -	54 Aonad	€	€	€ 2,545,336	R4, 2025	€ 7,259,315	€ 8,000,000	Tá Cuntas Deiridh á ullmhú le cur faoi bhráid na Roinne. Ní mhaíneoidh an Roinn ach uasmhéid de 50% den chaiteachas ar an tionscadal oibreacha feabhsúcháin seo
Scéim Bhóthar Áth Cinn	24 Aonad	€	€	€ 2,399	R3, 2025	€ 586,308	€ 600,000	Cuntais Deiridh le cur faoi bhráid na Roinne. Dhiúltaigh ABP don
An Caorán	71 Aonad	€	€	€ -	R3, 2025	€ 764,994	€ 800,000	Cuntais Deiridh le cur faoi bhráid na Roinne. Dhiúltaigh ABP don
Garraí Beag	58 Aonad	€	€	€ 14,545,342	R4, 2025	€ 24,329,812	€ 26,000,000	Cuntais Deiridh le cur faoi bhráid na Roinne.
HGD - Príobháideach	Deontas	€	€	€ 830,279	R4, 2025	€ 8,844,042	Ar lean	Deontais maoinithe ag Buiséad Ioncaim Chomhairle Cathrach na
Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta	Deontas	€	€	€ 1,130,540	Ar lean	€ 7,211,818	Ar lean	Deontais arna mhaoiniú ag Buiséad Ioncaim Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
Deontas um Chúnamh Soghluaitheachta	Deontas	€	€	€ 19,024	Ar lean	€ 1,096,471	Ar lean	Deontais arna mhaoiniú ag Buiséad Ioncaim Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
HGD LA House	Deontas	€	€	€ 296,299	Ar lean	€ 4,907,141	Ar lean	Deontais arna mhaoiniú ag Buiséad Ioncaim Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
Cuarbhóthar	5 Aonad	€	€ -	€ 1,277,636	Seachadadh R2, 2025	€ 1,852,741	€ 2,800,000	Caiteachas Saoil (Caiteachas ó Agresso gan gnéithe cuntais ioncaim)
Bóthar Shéamais Uí Chuirce (Ionad Lae) -	24 Aonad	€	€ -	€ 379,323	Seachadadh R4, 2026	€ 424,016	€ 5,881,519	Caiteachas Saoil de réir Litir Cheadaithe Chéim 3 na Roinne (Caiteachas ó Agresso gan gnéithe cuntais ioncaim)
Cúl Garraí -	6 Aonad	€	€ -	€	2026 / 2027	€ 194,053	€ 1,390,566	Caiteachas Saoil de réir Litir Cheadaithe Chéim 3 na Roinne (Caiteachas ó Agresso gan gnéithe cuntais ioncaim) -Tionscadal CAS le AHB
Freagra VHA Dhabhach Uisce	7 nAonad	€	€ -	€ 46,076	2026 / 2027	€ 252,747	€ 1,771,255	Caiteachas Saoil de réir Litir Cheadaithe Chéim 1 na Roinne - Tionscadal i gcomhar le AHB. Ar ais go dtí an t-athdhearadh (Caiteachas ó Agresso gan gnéithe cuntais ioncaim)

1 Ascaill na Muimhneach	4 Aonad	€	€	-	€	75,911	2026 / 2027	€	118,458	€	1,403,257	Caiteachas Saoil de réir Litir Cheadaithe Chéim 2 na Roinne (Caiteachas ó Agresso gan gnéithe cuntais ioncaim)	
17-20 Bóthar na gCeannaithe -	11 Aonad	€	€	-	€	178,672	2026 / 2027	€	349,018	€	4,242,970	Caiteachas Saoil de réir Cheadú Chéim 2 ón Roinn (Caiteachas ó Agresso gan gnéithe cuntais ioncaim)	
111 An Caisleán Nua Uachtarach	10 nAonad	€	€	-	€	1,645,410	R2, 2025	€	2,827,100	€	2,988,463	Caiteachas Saoil de réir Litir Cheadaithe Chéim 4 na Roinne (Caiteachas ó Agresso gan gnéithe cuntais ioncaim) -Tionscadal CAS le AHB	
Saoráid Léasaithe Réamhshocraithe Caipitil*+	Aonaid a sheachadtar ag Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe	€	€	-	€	2,366,258	Ar lean	€	46,645,711	Ar lean		Maoiniú a thugtar do AHBnna i bhfoirm lasachta agus ar fad aisíochtha ón Roinn - Saoráid Léasaithe Réamhshocraithe Caipitil - (Caiteachas ó Agresso gan gnéithe cuntais ioncaim)	
87 Páirc Radharc an Chláir (Céim 1 /2)	5 Aonad	€	€		€	527,874	R2, 2025	€	527,874	€	530,000	Cuntais Deiridh le cur faoi bhráid na Roinne.	
Baile na mBúrcach (Céim 2)	84 Aonad	€	€	-	€	55,484	2026 / 2027	€	9,019,295		38,000,000	Caiteachas Saoil de réir Litir Cheadaithe Chéim 2 na Roinne (Caiteachas ó Agresso gan gnéithe cuntais ioncaim) móide Costais Talún de €8,333,823.03	
211A Arda Thír Oileáin	1 Aonad	€	€		€	404,103	R2, 2025	€	536,791		540,000	Cuntais Deiridh le cur faoi bhráid na Roinne.	
Coillte Mhuirlinne (Aonaid Shóisialta)	18 nAonad	€	€		€	106	2026 / 2027	€	175,841		4,651,117	De réir Litir Cheadaithe Chéim 2 ón Roinn	
An Clái Bán (Sóisialta)	28 Aonad	€	€		€	6,023	2026 / 2027	€	75,088	€	9,200,348	De réir Litir Cheadaithe na Roinne	
Bóthar na Ceapaí (Sóisialta)	16 Aonad	€	€		€	1,230	2026 / 2027	€	1,230	€	5,356,830	De réir Litir Cheadaithe Chéim 1 na Roinne - Is forbairt mheasctha í seo (Sóisialta & Inacmhainne)	
Tír Oileáin	77 Aonad	€	€		€	7,872	2026 / 2027	€	17,843	€	22,718,138	De réir Litir Cheadaithe Chéim 1 na Roinne - Nóta: Céim Athbhreithnithe 1 le cur faoi bhráid na Roinne maidir le meascán tionachta	
Forbairtí Nua Reilige	Reilig Nua a Sholáthar - Bóthar Bhaile Átha Cliath		€	111,546	€	-	R4 2025	€	111,546	€	3,300,000	Maoiniú GCC 100% - Fós á thabhtú	
Máistirphlean - Baile an Rí	Máistirphlean iomlán Lána an Mhuilleora Bhaile an Rí - táillí comhairleoireachta		€	102,941	€	-	R4 2025	€	102,941	€	1,305,560		
Máistirphlean - An Rinn Mhór	Páirc Chomharsanachta na Rinne Móire - Táillí comhairleoireachta		€	134,984	€	-	R1 2026	€	134,984	€	2,568,919		
Máistirphlean - An Pháirc Theas	Máistirphlean Forbartha na Páirce Theas - Táillí Comhairleoireachta		€	50,276	€	-	R1 2026	€	50,276	€	1,820,055		
Páirc Phoiblí an Bhaile Bháin	Áis traenála uile-aimsire		€	74,502	€	-	R4 2025	€	74,502	€	571,213	Síntiús €96K don Chlub, Maoiniú SECP €148,682	
FORBAIRT PHÁIRC AN CHALAI DH (ó 2019 ar fáil sa Bhuiséa	Feabhas a chur ar pháirc phoiblí agus ar an réimse poiblí atá ann cheana féin		€	116,951	€	-	R4 2025	€	169,461	€	1,100,000	Beidh €1m de mhaoiniú deontais ó Fháilte Éireann dírithe ar an tionscadal seo	
A01	Cothabháil/Feabhsú Tithíochta LA	€	14,524,367				Buiséad	€	14,524,367				
A02	Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta	€	781,666				Buiséad	€	781,666				
A03	Riarachán Cíos a Tithíochta agus Ceannaigh Tionóntaí	€	798,056				Buiséad	€	798,056				
A04	Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta	€	933,720				Buiséad	€	933,720				
A05	Seirbhís do Dhaoine gan Dídean a Riaradh	€	18,491,883				Buiséad	€	18,491,883				
A06	aíocht do Chaipiteal Tithíochta agus do Chlár Inacmhainne	€	13,341,079				Buiséad	€	13,341,079				
A07	Clár RAS	€	4,313,012				Buiséad	€	4,313,012				
A08	lasachtaí Tithíochta	€	1,843,807				Buiséad	€	1,843,807				
A12	An Clár Cúnaimh Tithíochta	€	524,838				Buiséad	€	524,838				
B03	Bóthar Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsú	€	5,096,915				Buiséad	€	5,096,915				
B04	Bóthar Áitiúil - Cothabháil agus Feabhsú	€	3,595,513				Buiséad	€	3,595,513				
B05	Soilse Poiblí	€	1,728,413				Buiséad	€	1,728,413				
B06	Feabhsú ar Bhainistíocht Trácht	€	2,286,127				Buiséad	€	2,286,127				
B09	Cothabháil agus Bainistíocht Carrchlóis	€	1,968,024				Buiséad	€	1,968,024				
C01	Soláthair Uisce a Oibriú agus a Chothabháil	€	1,849,451				Buiséad	€	1,849,451				
C02	Cóireáil Fuíolluisce a Oibriú agus a Chothabháil	€	711,332				Buiséad	€	711,332				
D01	Pleanáil chun Cinn	€	1,080,513				Buiséad	€	1,080,513				
D02	Bainistíocht Forbraíochta	€	2,637,410				Buiséad	€	2,637,410				
D03	Cúrsaí Forfheidhmiúcháin	€	677,442				Buiséad	€	677,442				
D04	Oibriú & Cothabháil Láithreáin Thionsclaíocha agus Áiseanna Tráchtála	€	551,703				Buiséad	€	551,703				
D05	Forbairt agus Cur Chun Cinn na Turasóireachta	€	522,883				Buiséad	€	522,883				
D06	Feidhm Phobail agus Fiontraíochta	€	3,166,701				Buiséad	€	3,166,701				
D09	Forbairt agus Cur chun Cinn na hEacnamaíochta	€	13,446,567				Buiséad	€	13,446,567				
D11	Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhantais	€	567,515				Buiséad	€	567,515				
E05	QW	€	798,132				Buiséad	€	798,132				
E06	Glanadh Sráide	€	3,586,625				Buiséad	€	3,586,625				
E07	Rialacháin Dramhaíola, Monatóireacht agus Forfheidhmiú	€	552,074				Buiséad	€	552,074				
E09	Reiligi a Chothabháil agus a Ghlanadh	€	1,010,213				Buiséad	€	1,010,213				
E10	Sábháilteacht Struchtúir agus Áiteanna	€	615,222				Buiséad	€	615,222				
E11	Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin	€	5,319,600				Buiséad	€	5,319,600				
E15	Athrú Aeráide agus Tuilte	€	1,927,143				Buiséad	€	1,927,143				
F01	Saoráidí Fóillíochta a Oibriú agus a Chothabháil	€	3,580,822				Buiséad	€	3,580,822				
F02	Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne	€	1,791,140				Buiséad	€	1,791,140				
F03	Oibriú & Cothabháil Limistéir Fóillíochta Allamuigh	€	6,713,640				Buiséad	€	6,713,640				
F04	Spórt Pobail agus Forbairt Áineasa	€	2,627,270				Buiséad	€	2,627,270				
F05	Clár Ealaíne a chur ar bun	€	6,526,611				Buiséad	€	6,526,611				
F06	Seirbhísí Gníomhaireachta & Aisghabhála	€	613,774				Buiséad	€	613,774				
H03	Riarachán Rátaí	€	5,340,485				Buiséad	€	5,340,485				
H09	Ionadaíocht Áitiúil/Ceannaireacht Shibhialta	€	1,656,582				Buiséad	€	1,656,582				
H11	Seirbhísí Gníomhaireachta & Aisghabhála	€	1,229,068				Buiséad	€	1,229,068				
Iomlán		€	139,577,043	€	2,266,793	€	36,736,804		€	291,742,295	€	363,921,211	

Tionscadail/Cláir Chríochnaithe nó curtha ar scor sa bhliain a dtagraítear di - Níos mó ná €0.5m (Caipitil agus Reatha)							
Ainm an Tionscadail/na Scéime/an Chláir	Cur síos gairid	Méid an Chaiteachais Reatha sa Bhliain a dtagraítear di	Méid an Chaiteachais Chaipitiúil sa Bhliain a dtagraítear di (Neamhdheontas)	Méid an Chaiteachais Chaipitiúil sa Bhliain a dtagraítear di (Deontas)	Dáta Críochnaithe an Tionscadail/an Chláir	Caiteachas Táirgeachta Deiridh	Nótaí Míniúcháin
TIONSCADAIL TRÉSCAOILTEACHTA - LÁNA AN MHUILLEORA	Uasghrádú a dhéanamh ar an gcosán atá ann cheana féin atá lán lustain chun glasbhealach uirbeach a chur ar fáil i gceantar Chnoc na Cathrach a nascann Bóthar Rathúin agus Bóthar Bhaile an Rí. Is é an aidhm ná tréscaoilteacht a bhaint amach i ngach eastáit tithíochta in aice láimhe.	€ -	€ -	€ 93,360	Oct-24	€ 2,031,080	
105 Bóthar na Trá Uachtarach	4 Aonad Chuid V	€ -	€ -	€ 1,764,791	27/06/2024	€ 1,776,744	Fálacha Chuid V. Arna mhaoiniú ag an Roinn. Dhún díolacháin 27.06.2024
Tailte na Ceapaí	Tailte a Cheannach	€ -	€ -	€ 961,482	30/07/2024	€ 976,543	D'íoc an Ciste Talún a Fháil 50% (€477,500) den chostas agus d'íoc GCC an chuid eile. Dhún díolacháin 30.07.2024
Aonaid an Léana Mhoir	4 Aonad Chuid V	€ -	€ -	€ 398,380	10/05/2024	€ 1,276,735	Fálacha Chuid V. Arna mhaoiniú ag an Roinn, Dhún díolachán 10.05.2024
211A Arda an Chlaí Bháin	4 Aonad	€ -	€ -	€ -	23/05/2023	€ 527,522	Ba é an íocaíocht dheireanach le AHB Bealtaine 2023
An Garraí Caol	53 Aonad	€ -	€ -	€ 10,882	TBC		Cuntas Deiridh a fuarthas le déanaí ón Roinn
Ard Cré - Céim 2	78 Aonad	€ -	€ -	€ 10,558	TBC	€ 19,935,070	Cuntas Deiridh a fuarthas le déanaí ón Roinn
Páirc Féir Pháirc na Coiribe	Páirc féir a chríochnú faoi thionscadail chaipitil spóirt in 2024	€ 720,099	€ 595,099	€ 125,000	Nov-24	€ 720,099	
Iomlán		€ 720,099	€ 595,099	€ 3,364,453		€ 27,243,792	

Achoimre Foilsithe ar Sholáthar

Mar chuid den phróiseas um Dhearbhu Cáilíochta sa Chód Caiteachais Phoiblí, ceanglaítear ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faisnéis achoimre a fhoilsiú faoi gach soláthar os cionn €10 milliún.

Deimhnítear nach ndearna Comhairle Cathrach na Gaillimhe aon soláthar aonair ar fiú os cionn €10 milliún é i rith 2024.

Cuid C – Measúnú ar Chomhlíontacht

Seicliosta ar Nithe a Cuireadh i gCrích: Cur Chuige a Glacadh agus Torthaí

Is é atá i gceist leis an tríú céim sa phróiseas um Dhearbhu Cáilíochta ná sraith seicliostaí a chomhlánú a chlúdaíonn an caiteachas liostaithe go léir. Tá na seiceálacha ardleibhéil i gCéim 3 den phróiseas Ceisteanna & Freagraí bunaithe ar fhéinmheasúnú na Stiúrtóireachtaí éagsúla i gComhairle Cathrach na Gaillimhe, i dtaca leis na treoirlínte atá leagtha amach sa Chód Caiteachais Phoiblí. Tá seacht seicliosta ann san iomlán:

- Seicliosta 1:** Oibleagáidí ginearálta,
(nach mbaineann go sonrach le tionscadail / cláir aonair)
- Seicliosta 2:** Tionscadail Chaipitil atá á mbreithniú
- Seicliosta 3:** Caiteachas reatha atá á bhreithniú
- Seicliosta 4:** Caiteachas caipitiúil atá á thabhu
- Seicliosta 5:** Caiteachas reatha atá á thabhu
- Seicliosta 6:** Caiteachas caipitiúil a cuireadh i gcrích
- Seicliosta 7:** Caiteachas reatha a cuireadh i gcrích

Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe an tsraith iomlán seicliosta 1 – 7 i gcrích. Liostaítear torthaí an tseicliosta a cuireadh i gcrích sna leathanaigh seo a leanas. Chomh maith leis an scóráil féinmheasúnaithe, tá tuairimí ag gabháil le formhór na bhfreagraí. Déantar gach ceist sa seicliosta a mheas ar scála 4 phointe:

- | | |
|------------|---|
| 1 | Scóip le haghaidh feabhsuithe suntasacha = scór 1 |
| 2 | Comhlíontach ach feabhas éigin riachtanach = scór 2 |
| 3 | Comhlíontacht leathan = scór 3 |
| N/A | Níl sé infheidhme |

Seicliosta 1 – Le comhlánú i dtaca le hoibleagáidí ginearálta nach mbaineann go sonrach le tionscadail/cláir aonair.

	Oibleagáidí Ginearálta nach mbaineann go sonrach le tionscadail/cláir aonair.	Rátáil Chomhlíontachta Féinmheasún	Trácht/Gníomh ag teastáil
Ceist 1.1	An gcinntíonn an eagraíocht, ar bhonn leanúnach, go bhfuil daoine cuí laistigh den eagraíocht agus de na gníomhaireachtaí a bhfuil eolas acu faoina riachtanais faoin gCód Caiteachais Phoiblí (lena n-áirítear trí oiliúint)?	3	Cinntíonn, i gcomhréir le treoirlínte agus le ceanglais soláthair mar atá luaite ar chiorcláin infheidhme maidir le maoiniú.
Ceist 1.2	An gcuirtear oiliúint inmheánach ar an gCód Caiteachais Phoiblí ar fáil don fhoireann ábhartha?	2	
Ceist 1.3	Ar cuireadh an Cód Caiteachais Phoiblí in oiriúint don chineál tionscadail/cláir a bhfuil an eagraíocht freagrach as, i.e., ar forbraíodh treoirlínte earnála oiriúnaithe?	3	Cinneann fachtóirí amhail Rátáil PSCI agus Maproad/PMS tionscadail a dhéantar agus a raon feidhme laistigh de threoirlínte PSC/Soláthair.
Ceist 1.4	An bhfuil an eagraíocht, ina ról mar Údarás Faofa, sásta go gcomhlíonann gníomhaireachtaí a mhaoiníonn sí an Cód Caiteachais Phoiblí?	3	Tá
Ceist 1.5	Ar scaipeadh moltaí ó thuarascálacha Ceisteanna & Freagraí roimhe seo (lena n-áirítear seiceálacha ar an láthair), nuair ba chuí, laistigh den eagraíocht agus ar ghníomhaireachtaí?	3	Scaipeadh, agus tá gá le tuilleadh teagmhála
Ceist 1.6	Ar gníomhaíodh de réir moltaí ó thuarascálacha Ceisteanna & Freagraí roimhe seo?	3	Gníomhaíodh
Ceist 1.7	An bhfuil tuarascáil bhliantúil Ceisteanna & Freagraí ar an gCód Caiteachais Phoiblí curtha faoi bhráid an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus deimhnithe ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, curtha faoi bhráid NOAC agus foilsithe ar shuíomh gréasáin an Údaráis Áitiúil?	3	tá
Ceist 1.8	An raibh an sampla riachtanach de thionscadail/cláir faoi réir dianseiceála de réir chéim 4 den Chlár um Dhearbhu Cáilíochta (QAP)?	3	bhí
Ceist 1.9	An bhfuil próiseas i bhfeidhm chun pleanáil a dhéanamh le haghaidh meastóireachtaí iarphost? Déantar meastóireacht iarphost tar éis tréimhse áirithe ó spriocthionscadal a chur i gcrích agus béim ar éifeachtacht agus ar inbhuanaitheacht an tionscadail.	3	Tá, nuair is gá
Ceist 1.10	Cé mhéad meastóireacht fhoirmiúil a cuireadh i gcrích sa bhliain faoi athbhreithniú? Ar foilsíodh iad go tráthúil?	3	
Ceist 1.11	An bhfuil próiseas i bhfeidhm chun obair leantach a dhéanamh ar mholtaí na meastóireachtaí roimhe seo?	3	Láimhseáladh ceachtanna agus torthaí dá réir
Ceist 1.12	Cén chaoi ar chuir moltaí athbhreithnithe agus meastóireachtaí iarphost bonn eolais faoi chinntí dáilte acmhainní?	2	

Seicliosta 2 – Le cur i gcrích i dtaca le tionscadail/cláir chaipitil agus scéimeanna deontais chaipitil a bhí á mbreithniú le bliain anuas.

	Caiteachas Caipitiúil atá á Bhreithniú – Breithmheas agus Faomhadh	Rátáil Chomhlíontachta Féinmheas	Trácht/Gníomh ag teastáil
Ceist 2.1	Ar cuireadh Tuarascáil Mheasúnaithe Straitéisigh (SAR) i gcrích le haghaidh gach tionscadail agus cláir chaipitil os cionn €10m?	N/A	Níl sé ábhartha a thuilleadh
Ceist 2.2	Ar sonraíodh táscairí feidhmíochta do gach tionscadal/clár a cheadóidh meastóireacht láidir níos déanaí? An bhfuil céimeanna i bhfeidhm chun sonraí táscairí feidhmíochta a bhailiú?	3	Sonraíodh Tá
Ceist 2.3	An raibh Réamhchás Gnó agus Cás Gnó Deiridh, lena n-áirítear breithmheas airgeadais agus eacnamaíoch cuí, curtha i gcrích le haghaidh gach tionscadail agus cláir chaipitil?	3	Bhí, nuair ba ghá
Ceist 2.4	An raibh cuspóirí an togra ag teacht le SMART agus le beartas an Rialtais, lena n-áirítear an Creat Pleanála Náisiúnta, an Plean Maolaithe Aeráide srl?	3	bhí
Ceist 2.5	Ar baineadh úsáid as modh agus as paraiméadair mheasúnaithe chuí i dtaca le tionscadail chaipitil nó cláir chaipitil/scéimeanna deontais?	3	baineadh
Ceist 2.6	An ndearnadh breithmheas airgeadais ar gach togra agus breithniú cuí ar inacmhainneacht?	2	rinneadh
Ceist 2.7	Ar cuireadh tús leis an bpróiseas breithmheasa ag céim luath go leor chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht?	3	cuireadh
Ceist 2.8	An ndearnadh anailís ar roghanna leordhóthanacha sa chás gnó le haghaidh gach togra caipitil?	3	Athbhreithniú leanúnach
Ceist 2.9	Ar leagadh bonn fianaise an chostais a measadh amach i ngach cás gnó? Ar baineadh úsáid as modheolaíocht chuí chun an costas a mheas? Ar cuireadh teagmhais bhuiséid chuí i bhfeidhm?	3	Leagadh Baineadh Cuireadh. Úsáidtear costais táirgeachta ó bhlianta roimhe seo chun costais tionscadail a chinneadh.
Ceist 2.10	Ar breithníodh riosca agus ar cuireadh tús le straitéis maolaithe riosca? Ar tugadh breithniú cuí ar rialachas agus ar inseachadtacht?	3	Breithníodh Tugadh
Ceist 2.11	Ar seoladh an Réamhchás Gnó lena athbhreithniú ag an bPróiseas um Dhearbhú Seachtrach agus ag an nGrúpa Comhairleach um Mórthionscadail i gcás tionscadail a mheastar a chosnaíonn os cionn €200m?	N/A	
Ceist 2.12	Ar ullmhaíodh achoimre mionsonraithe tionscadail lena n-áirítear achoimre dearaidh agus straitéis soláthair do gach tionscadal infheistíochta?	3	ullmhaíodh
Ceist 2.13	Ar comhlíonadh na rialacha soláthair (Náisiúnta agus AE araon)?	3	comhlíonadh

Ceist 2.14	Ar cuireadh an Creat Bainistíochta Oibreacha Caipitil (CWMF) i bhfeidhm i gceart?	3	cuireadh
Ceist 2.15	Ar seiceáladh rialacha Státchabhrach le haghaidh gach tacaíochta?	3	Seiceáladh, nuair ba ghá
Ceist 2.16	Ar iarradh cead ón Údarás Faofa ag gach geata cinnteoireachta?	3	Iarradh, nuair ba ghá
Ceist 2.17	Ar mheas agus ar dheimhnigh an Ghníomhaireacht Urraíochta agus an tÚdarás Formheasa Luach ar Airgead ag gach geata cinnteoireachta?	3	Mheas agus dheimhnigh
Ceist 2.18	Ar iarradh toiliú ón Rialtas trí Mheabhrán don Rialtas chun tionscadail a mheastar a chosnóidh os cionn €200m a cheadú ag na geataí ceadaithe cuí?	N/A	

Féach Nóta 2 sna treoirlínte tosaigh maidir le léirmhíniú Scéimeanna Deontais Chaipitiúil i

gcomhthéacs an Rialtais Áitiúil

Seicliosta 3 – Le comhlánú i dtaca le caiteachas reatha nua atá á bhreithniú le bliain anuas.

	Caiteachas Reatha atá á Bhreithniú – Breithmheas agus Faomhadh	Rátáil Chomhlíonta	Trácht/Gníomh ag teastáil
Ceist 3.1	Ar leagadh cuspóirí amach go soiléir?	3	leagadh
Ceist 3.2	An bhfuil cuspóirí intomhaiste i dtéarmaí cainníochtúla?	3	tá
Ceist 3.3	Ar ullmhaíodh cás gnó, a chuimsíonn breithmheas airgeadais agus eacnamaíoch, le haghaidh tograí nua caiteachais reatha?	3	Ullmhaíodh, nuair ba ghá
Ceist 3.4	Ar baineadh úsáid as modh measúnaithe cuí?	3	baineadh
Ceist 3.5	Ar cuireadh breithmheas eacnamaíoch i gcrích do gach tionscadal/clár os cionn €20m nó caiteachas bliantúil €5m thar 4 bliana?	3	cuireadh
Ceist 3.6	An raibh rannóg ar thástáil phiolótach san áireamh sa chás gnó?	N/A	
Ceist 3.7	An ndearnadh tástálacha phiolótacha le haghaidh tograí nua caiteachais reatha lena n-áirítear caiteachas iomlán de €20m ar a laghad thar thréimhse bheartaithe an chláir agus íoschaiteachas bliantúil de €5m?	N/A	
Ceist 3.8	Ar comhaontaíodh an mhodheolaíocht agus na ceanglais bailithe sonraí don tástáil phiolótach ag tús na scéime?	N/A	
Ceist 3.9	An ndearnadh an tástáil phiolótach a mheas go foirmiúil agus a chuir faoi bhráid na Rannóige Vótála ábhartha sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe?	N/A	
Ceist 3.10	An ndearnadh measúnú ar an éileamh is dócha ar an scéim/síneadh scéime nua bunaithe ar fhianaise eimpíreach?	2	
Ceist 3.11	Ar tugadh an cead riachtanach?	2	tugadh
Ceist 3.12	Ar socraíodh foráil éaga?	N/A	
Ceist 3.13	Má bhí seachfhoinsiú i gceist, ar comhlíonadh rialacha soláthair an AE agus Náisiúnta araon?	3	Comhlíonadh
Ceist 3.14	Ar sonraíodh táscairí feidhmíochta do gach togra nua caiteachais reatha nó do gach leathnú ar an gclár caiteachais reatha atá ann cheana a cheadóidh meastóireacht láidir níos déanaí?	3	sonraíodh
Ceist 3.15	An bhfuil céimeanna i bhfeidhm chun sonraí táscairí feidhmíochta a bhailiú?	3	tá

Seicliosta 4 – Le comhlánú maidir le tionscadail/cláir chaipitil agus scéimeanna deontais chaipitil a thabhaíonn caiteachas sa bhliain faoi athbhreithniú.

	Caiteachas Caipitiúil atá á Thabhdú	Rátáil Chomhlíontach ta	Trácht/Gníomh ag teastáil
Ceist 4.1	Ar síníodh conradh agus an raibh sé ag teacht leis an gCeadú a tugadh ag gach Geata Cinnidh?	3	Síníodh
Ceist 4.2	Ar tháinig boird bhainistíochta/coistí stiúrtha le chéile go rialta mar a comhaontaíodh?	2	Tháinig. Cumarsáid leanúnach le conraitheoirí
Ceist 4.3	Ar ceapadh comhordaitheoirí cláir chun cur i bhfeidhm a chomhordú?	3	Ceapadh, ceapadh bainisteoirí tionscadail agus innealtóirí
Ceist 4.4	Ar ceapadh bainisteoirí tionscadail, a bhí freagrach as seachadadh, agus an raibh na bainisteoirí tionscadail ag leibhéal sinsearach cuí do scála an tionscadail?	3	ceapadh
Ceist 4.5	Ar ullmhaíodh tuarascálacha monatóireachta go rialta, ag taispeáint cur chun feidhme i gcoinne an phlean, an bhuiséid, na scálaí ama agus na cáilíochta?	2	Ullmhaíodh, tugadh faoi chigireachtaí rialta ar dhul chun cinn
Ceist 4.6	Ar coinníodh tionscadail/cláir/scéimeanna deontais laistigh dá mbuiséad airgeadais agus dá sceideal ama?	2	Coinníodh, le mionmhéaduithe boilscithe
Ceist 4.7	Ar ghá buiséid a choigeartú?	2	
Ceist 4.8	An ndearnadh cinntí maidir le hathruithe ar bhuiséid / sceidil ama go pras?	3	Rinneadh
Ceist 4.9	Ar ceistíodh inmharthanacht an tionscadail/ an chláir/ na scéime deontais agus an cháis ghnó (níos mó ná an buiséad, easpa dul chun cinn, athruithe sa timpeallacht, fianaise nua, srl.) mar thoradh ar chúinsí riamh?	N/A	
Ceist 4.10	Má ceistíodh inmharthanacht tionscadail/cláir/scéime deontais mar thoradh ar chúinsí, an ndearnadh scrúdú leordhóthanach ar an tionscadal?	3	Rinneadh, nuair ba ghá
Ceist 4.11	Má tháinig méadú ar chostais nó má bhí athruithe suntasacha eile ar an tionscadal, an bhfuarthas ceadú ón Údarás Faofa?	N/A	
Ceist 4.12	Ar cuireadh deireadh le haon tionscadal/clár/scéim deontais mar gheall ar chlaonadh ón bplean, ón mbuiséad nó toisc gur athraigh cúinsí sa timpeallacht an gá a bhí leis an infheistíocht?	3	Ní hea

Féach Nóta 2 sna treoirilínte tosaigh maidir le léirmhíniú Scéimeanna Deontais Chaipitiúil i gcomhthéacs an Rialtais Áitiúil

Seicliosta 5 – Le comhlánú maidir le cláir chaiteachais reatha a thabhaíonn caiteachas sa bhliain faoi athbhreithniú.

	Caiteachas Reatha atá á Thabhdú	Rátáil Chomhlíontach ta	Trácht/Gníomh ag teastáil
--	--	--------------------------------	----------------------------------

Ceist 5.1	An bhfuil cuspóirí soiléire ann do gach réimse den chaiteachas reatha?	3	Tá, tá Oibreacha ag teacht leis an gclár oibre bliantúil
Ceist 5.2	An bhfuil aschuir sainmhínithe go maith?	3	tá
Ceist 5.3	An ndéantar aschuir a mheas ar bhonn rialta?	3	déantar
Ceist 5.4	An bhfuil modh ann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht ar bhonn leanúnach?	3	tá
Ceist 5.5	An bhfuil torthaí sainmhínithe go maith?	3	tá
Ceist 5.6	An ndéantar torthaí a mheas ar bhonn rialta?	3	Déantar, le tuairisciú rialta
Ceist 5.7	An dtiomsaítear costais aonaid le haghaidh monatóireachta feidhmíochta?	3	Tiomsaítear, nuair is gá
Ceist 5.8	An gcomhlíontar sonraí eile chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht?	3	Tuairisciú cuspóirí míosúla agus ráithiúla
Ceist 5.9	An bhfuil modh ann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht ar bhonn leanúnach?	3	Tuairisciú cuspóirí míosúla agus ráithiúla
Ceist 5.10	An bhfuil an eagraíocht ag gabháil d'aon 'chruthúnas meastóireachta' eile ar chlár/tionscadail?	3	Comhlíontacht aon cheann a luaitear laistigh de threoirlínte soláthair

Seicliosta 6 – Le cur i gcrích maidir le tionscadail/cláir chaipitil agus scéimeanna deontais chaipitil ar cuireadh deireadh leo sa bhliain faoi athbhreithniú.

	Caiteachas Caipitiúil ar Cuireadh Deireadh leis le Déanaí	Rátáil Chomhlíontachta Eóimheasúnaí	Trácht/Gníomh ag teastáil
Ceist 6.1	Cé mhéad Tuarascáil Chríochnaithe Tionscadail a cuireadh i gcrích sa bhliain faoi athbhreithniú?	2	Nuair a bhíonn tionscadail críochnaithe
Ceist 6.2	An ndearnadh ceachtanna a foghlaimíodh ó Thuarascálacha Críochnaithe Tionscadail a ionchorprú i dtreoir earnála agus a scaipeadh laistigh den Ghníomhaireacht Urraíochta agus den Údarás Formheasta?	2	Déantar gach Tuarascáil a mheas ar bhonn tionscadail ar thionscadail. Réimsí ina bpléitear ceachtanna a foghlaimíodh agus ina meastar iad de réir mar is cuí.
Ceist 6.3	Cé mhéad Tuarascáil Chríochnaithe Tionscadail a foilsíodh sa bhliain faoi athbhreithniú?	2	12 thionscadal bóthair
Ceist 6.4	Cé mhéad Meastóireacht iarPhost a cuireadh i gcrích sa bhliain faoi athbhreithniú?	3	Meastóireachtaí le haghaidh gach tionscadal de réir mar is gá
Ceist 6.5	Cé mhéad Meastóireacht iarPhost a foilsíodh sa bhliain faoi athbhreithniú?	2	
Ceist 6.6	Ar cuireadh ceachtanna a foghlaimíodh ó thuarascálacha Meastóireachta iarPhost san áireamh i dtreoir earnála agus ar scaipeadh iad laistigh den Ghníomhaireacht Urraíochta agus den Údarás Formheasta?	2	Cuireadh agus scaipeadh, nuair a rinneadh iad
Ceist 6.7	An ndearna acmhainní foirne neamhspleácha Tuarascálacha Críochnaithe Tionscadail agus Meastóireachtaí iarPhost ar chur i bhfeidhm an tionscadail?	2	
Ceist 6.8	Ar cuireadh Tuarascálacha Críochnaithe Tionscadail agus Tuarascálacha Meastóireachta iarPhost do thionscadail os cionn €50m chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe lena scaipeadh?	N/A	

Féach Nóta 2 sna treoirlínte tosaigh maidir le léirmhíniú Scéimeanna Deontais Chaipitiúil i gcomhthéacs an Rialtais Áitiúil

Seicliosta 7 – Le comhlánú maidir le cláir chaiteachais reatha a shroich deireadh a thréimhse ama i rith na bliana nó ar cuireadh stop leo.

	Caiteachas Reatha a shroich (i) deireadh a thréimhse ama beartaithe nó (ii) ar cuireadh stop leis	Rátáil Chomhlíontachta	Trácht/Gníomh ag teastáil
Ceist 7.1	An ndearnadh athbhreithnithe ar chlár chaiteachais reatha a d'aibigh i rith na bliana nó ar cuireadh stop leo?	3	rinneadh
Ceist 7.2	Ar thángthas ar chonclúidí i dtaca le héifeachtúlacht an chlár leis na hathbhreithnithe sin?	3	thángthas
Ceist 7.3	Ar thángthas ar chonclúidí i dtaca le héifeachtacht an chlár leis na hathbhreithnithe sin?	3	thángthas
Ceist 7.4	Ar cuireadh na conclúidí ar thángthas orthu san áireamh i réimsí gaolmhara caiteachais?	3	cuireadh
Ceist 7.5	Ar cuireadh deireadh le haon chlár tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar chlár caiteachais reatha?	N/A	
Ceist 7.6	An raibh athbhreithnithe déanta ag acmhainní foirne neamhspleácha ar chur i bhfeidhm an tionscadail?	N/A	
Ceist 7.7	An ndearnadh athruithe ar chleachtais na heagraíochta i bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ó athbhreithnithe?	N/A	

Nótaí:

- ❖ Is é seo a leanas an mheicníocht scórála do na seicliostaí thuas:
 - Scóip le haghaidh feabhsuithe suntasacha = scór **1**
 - Comhlíontach ach feabhas éigin riachtanach = scór **2**
 - Comhlíontacht leathan = scór **3**
- ❖ I gcás roinnt ceisteanna, ní bhíonn an mheicníocht scórála ábhartha i gcónaí. Sna cásanna sin, is cuí é a mharcáil mar **N/A** agus an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil sa bhosca tráchttaireachta.
- ❖ Ba cheart go mbeadh an fócas ar fhaisnéis thuairisciúil agus chomhthéacsúil a chur ar fáil chun na rátálacha comhlíontachta a chur le chéile agus chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a chuirtear le haghaidh gach ceiste. Is tábhachtach freisin sonraí achoimre a chur ar fáil maidir le príomhaschuir anailíseacha a chlúdaítear sa sampla do na ceistanna sin a thugann aghaidh ar chomhlíonadh na gceanglas breithmheasa/meastóireachta, i.e. líon bliantúil na mbreithmheasanna (e.g. Anailísí Costais agus Sochair nó Anailísí Ilchritéir), meastóireachtaí (e.g. Athbhreithnithe Iarthionscadail). Ba cheart na príomhaschuir anailíseacha a rinneadh lasmuigh den sampla a thabhairt faoi deara sa tuarascáil freisin.

Príomh-shaincheistean a eascraíonn as Measúnú Seicliosta

Léiríonn na seicliostaí comhlánaithe an oiread a chreideann Comhairle Cathrach na Gaillimhe go gcomhlíonann sí an Cód Caiteachais Phoiblí. Tríd is tríd, léiríonn na seicliostaí leibhéal láidir comhlíontachta i dtaca leis an gCód.

Is é seo an t-aonú bliain déag a bhfuil an Cód Caiteachais Phoiblí á thuairisciú ag earnáil an Rialtais Áitiúil. Tá an próiseas chun prionsabail an chóid a leabú fós ar siúl agus déanfar monatóireacht air mar chuid den phróiseas um Dhearbhú Cáilíochta sna blianta amach romhainn.

Maidir le Seicliosta 2 – caiteachas caipitiúil atá á bhreithniú, bhí 21 post caipitil ann a raibh feidhm ag na critéir dhearbhaithe leo. Tá na tionscadail seo ag na réamhchéimeanna, agus táthar ag fanacht le maoiniú agus faomhadh deiridh. D'fhéadfadh an caighdeán comhlíontachta a bheith éagsúil sa todhchaí de réir mar a chuirtear tús le tionscadail chaipitil bhreise.

Seicliosta 3 – Caiteachas reatha atá á bhreithniú. Bhí trí chlár ioncaim le dearbhú in 2024. De ghnáth cuirtear tús le tionscnaimh nua maoinithe ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach.

Seicliosta 4 – caiteachas caipitil a tabhaíodh a bhain le 48 tionscadal leanúnach in 2024. D'fhéadfadh na caighdeáin dearbhaithe a bheith éagsúil le himeacht ama ag brath ar chainníocht agus ar luach athraitheach na dtionscadal caipitil.

Seicliosta 5 – caiteachas reatha a tabhaíodh le linn 2024, tá na torthaí bunaithe ar mheánchomhlíonadh 40 clár ioncaim ar leibhéal seirbhíse liostaithe.

Seicliosta 6 - tionscadail chaipitil a cuireadh i gcrích i rith 2024, léiríonn an seicliosta gur cuireadh ocht gceann de na tionscadail i gcrích in 2024.

I dtaca le Seicliosta 7 – níor cuireadh stop le haon chlár caiteachais reatha i rith 2024.

Cuid D – Dianseiceálacha

Tá na seiceálacha mionsonraithe a rinneadh leis an Iniúchadh Inmheánach ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le tuarascáil um Dhearbhu Cáilíochta an Chóid Caiteachais Phoiblí bunaithe ar iniúchtaí, athbhreithnithe mionsonraithe, idirghníomhaíocht agus comhoibriú foirne.

Léiríonn na torthaí gur féidir dearbhú réasúnta a chur ar dhóthanacht agus ar oibriú na rialuithe atá curtha i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun cloí leis an gCaiteachas Poiblí agus rialuithe soláthair inmheánacha chun príomhrioscaí bunúsacha a mhaolú agus/nó a bhainistiú. Bhí 2 thionscadal caipitil, arbh é a luach €22,300,695, agus 1 chaiteachas ioncaim, arbh é a luach €7,698,724, i samplaí a roghnaíodh lena n-athbhreithniú.

Liostaíodh sa Chód Caiteachais Phoiblí an ceanglas go ndéanfaí athbhreithnithe domhain ar chaiteachas 5% Caipitil agus 1% de chuid na gCoimisinéirí loncaim, a rinneadh ar an meán le trí bliana anuas. Léirigh na dianseiceálacha a ndearnadh anailís orthu don PSC **5%** de thionscadail Chaipitil dearbhaithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, agus **5%** de Leibhéil Seirbhíse na gCoimisinéirí loncaim, d'fhardal 2024.

Measúnuithe

Cuimsíonn an Clár Oibre bliantúil um Iniúcháireacht Inmheánach an ceanglas dianseiceálacha a dhéanamh ar thionscadail agus ar chlár shamplacha, mar a éilítear i dTuarascáil bhliantúil PSC do NOAC.

Is iad na téamaí timthriallacha a eascraíonn as dianathbhreithnithe, etc. fós na buntáistí leanúnacha a bhaineann le forfheidhmiú láidir comhlíontachta rialála, dul chun cinn an Rialachais Chorporáidigh, feabhas a chur ar ár Straitéisí Bainistíochta Riosca; agus taifeadadh ar ár Nósanna Imeachta Oibriúcháin.

Ó na hathbhreithnithe a rinneadh san Iniúchadh Inmheánach roimhe seo, bhí saincheist aitheanta maidir lena chinntiú go raibh Tuarascálacha Críochnaithe Tionscadail / Athbhreithnithe Iarthionscadail á gcur i gcrích ar bhealach éifeachtach, lena chinntiú go gcloifí le haon cheacht a foghlaimíodh agus go gcuirfí i bhfeidhm iad go tráthúil. Tá feabhsúcháin léirithe bunaithe ar iniúchadh na mblianta roimhe seo, ach tá gá le tuilleadh airde. Tá sé sin le feiceáil i dtuarascáil 2024 agus i gcomparáid le hathbhreithnithe na mblianta roimhe sin.

I dtaca le heolas PSC ar fud Chomhairle Cathrach na Gaillimhe Rinneadh oiliúint roimhe seo in 2022 ach tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcéim fáis phearsanra anois. Measfaí go mbeadh sé tairbheach don eagraíocht ceardlanna breise PSC a reáchtáil don fhoireann. Ba chóir don Phríomhfhoireann/Bainisteoirí Tionscadail agus don Fhoireann Soláthair é sin a threisiú chun a chinntiú go gcloítear leis an gcomhlíonadh.

Bhí oiliúint ar an gCód Caiteachais Phoiblí le tosú go luath in 2025 ach cuireadh ar ceal é. Tá sé i gceist go mbeidh oiliúint ar siúl anois go luath in 2026.

Cuid E – Aghaidh a thabhairt ar Shaincheisteanna Dearbhaithe Cáilíochta

Leanann an Coiste Iniúcháireachta ar aghaidh ag scrúdú iomláine na mBeartas agus na Nósanna Imeachta taifeadta laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Níor léirigh na dianseiceálacha a rinneadh ar chlár/tionscadail shamplacha aon saincheist shubstantiúil a chuirfeadh amhras ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i dtaca le comhlíonadh an Chóid. Aithnítear go mbeidh gá le hoiliúint agus le haird leanúnach chun a chinntiú go gcomhlíonfar go hiomlán an Cód Caiteachais Phoiblí.

Ní raibh aon fhadhb ann i dtaca le dul i ngleic le comhlíontacht Dearbhaithe Cáilíochta faoin gCód Caiteachais Phoiblí do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus déanfar athbhreithniú arís ar thionscadail samplacha amach anseo chun a chinntiú go gcomhlíonfar an cód.